

EASGAN NA FARRAIGE

DEIRGE.

13.

Soitheach an bith a théigheadh trí áit a bhí sa bhFarrige Dhearg uair, bhíodh sí ar iarraidh, d'fhágtí na soithigh ach fhágtí na daoine, bhí caiptín a dhul tríd an Fharrige Dhearg uair agus theastuigh máta uaidh. Cébrí baile mór a raibh sé ann chuaidh sé ar thuairisg máta. Casadh fear leis a dubhairt leis go raibh sé ina mháirnéalach maith agus go ndéanfadh sé máta dhó. "Cá bhfuil tú dul? Adeir a fear "go dtí an Fharraife Dhearg" adeir an caiptín. "Ní ghabhfaidh mise ansoin" adeir a fear" go tiubhrhfaidh mé gleas éicint liom go mbéadh fhios a'm céurd tá tarluchtáil go(do) na soithigh a théigheas ann." Chuaigh sé agus fuair sé tuaidh (tuagh) déanta a bhí tonna meadhchain. Thug sé leis go dtí an soitheach í agus chuir sé táchla innte agus chroch sé suas í. Nuair a bhí siad píosá á seoladh chonnaic siad soitheach agus gan aon dhuine innte. Nuair a tháinig siad i ngar dhon tsoitheach ní raibh aon dhuine innte ach easgan (easconn) mhór sinnte siar innte.

"Caithfhidh mé í " adeir a caiptín "ná caith " adeir a mháta "nú beidh rud dhá bharr a'd." Chaithfhead" adeir a caiptín. Ar bpointe agus ar chaith sé í chuaidh sí i bhfarrige. "Anois" adeir a máta "beidh do dhicheall le déanamh agat baidh sí istigh a'd fhéin an t'ám seo mbáireach. Gléasaigh suas sibh fhéin anois" adeir sé "i gcultacha agus i mbróga árda nach leighfhidh isteach aon deoir dhá cuid fula sin ma éirigheann linn í mharbhughad." Ghléas siad iad fhéin agus lá ar na bháireach bhí siad réidh faoi na comhair nuair a chonnaic siad a teacht acab isteach 'sa soitheach í.

Ar a bpointe bhí siad -san thuas 'sna slatha agus sa gcrann. Nuair a tháinig sí isteach sa soitheach agus nach bhfaca sí aon dhuine roimpi chuaidh sí síos 'sa gcabán agus chuir sí an cabán in aer. Tháinig sí aníos ar dic agus luigh sí siar chonnaic sí iad san shuas 'sna slata ba ghearr a mhoill uirthi gur chas sí a drioball ar a gcrann agus go raibh sí dhá tarraingt fhéin suas ar a gcrann. Nuair a thainig sí chomh fada leis seo bhain sé barr a driobaill di le tuaidh a bhí aige agus thuit sí anuas ar dic. Nuair a bhí sí tuitigte anuas sgaoileadh an tuagh mhór anuas go ndeachaidh sí síos thríthe í fhéin agus thríd an soitheach agus gur rinneadh dhá leith dhi. Chuaidh na dá leith i bhfarrige. (Ní raibh aon bhrigh innte ó baineadh barr a driobaill di.) Dubhairt sé le chuile fhear acab bualadh anuas as na slatracha agus an fhuil a ghlanadh dhon tsoitheach. Bhí aon fhear amháin ann nach raibh air ach bróga íseal.

Chuaidh cuid de'n fhuil isteach ina bhróga agus níor mhair sé chúig noiméad. Fuair an máta an duais nuair a thainig sé ina bhaile mhóir mar gheall ar an gcleas a rinne sé. D'ímtigh sé leis agus níor fríobh (fritheadh) aon tuairisg air ina dhiadh sin. Ní raibh fhios ag aon dhuine cé'n sort duine a bhí ann ach ba duine é tháinig le haghaidh an maid sin a dheanamh. Bhíodh daoine mar sin ag imteacht san ám sin

3/4/32.